


## Fáilte

Fáilte romhaibh chuig an dara Nuachtlitir sa bhliain acadúil 2016-2017. Tharla rolladh amach náisiúnta Lá 2 den FGL sa téarma deireanach ar bhonn chnuas-samhail don chéad uair agus thug sé an deis do ranna iomlána eolaíochta FGL a fháil mar ghrúpa. Le h-aghaidh blas den chnuas-samhail féach ar an [fiseán](#) seo.

B'iontach an rud é bualadh le múinteoirí eolaíochta agus cuir leis an obair a rinne muid leo agus beimid ag úsáid bhur dtuairimí le bonn eolais a chur faoi nár gcuid oibre feasta. Feicfidh sibh gníomhú cheana anseo ar roinnt de bhur gcuid moltaí agus táimid i mbun oibre ar thuilleadh de na smaointe s'agaibh a bheidh le cur isteach ar ár suíomh gréasáin.



Mar fhreagra ar mholtaí múinteoirí rinneadh athchóiriú ar an suíomh gréasáin go mbeadh sé níos soiléire, go háirithe ó thaobh úsáid fóin agus táibléid de. B'fhiú cuairt a thabhairt ar [www.jct.ie](http://www.jct.ie)

## Am Gairmiúil

Ar Lá 2 FGL mar roinn plé sibh úsáid bhfuair 8 n-uair d'am gairmiúil atá ar fail daoibh. Féach [anseo](#) le h-aghaidh roinnt smaointí.

## Mura fhreastail tú ar Lá 2 den FGL -

I seisiún 1 d'oibrigh muid ar soiléireacht maidir le na hionchais i leith na dtorthaí foghlama, i dtaca le cleachtas sa seomra ranga agus le measúnú, trí na bhriathra gnímh a cur san áireamh. Cuireadh póstaer bhriathra gnímh thart ar na múinteoirí agus is féidir é sin a rochtain [anseo](#), mar aon le roinnt doiciméid eile is féidir a úsáid san obair le TFanna.



I seisiún 2 agus 3, d'fhiosraíomar cur chuige forbraíochta don dá Mheasúnú Rangbhunaithe, ina ndearnamar staidéar ar na príomhgnéithe den Iniúchadh Turgnamhach Sínte (ITS) agus den Iniúchadh Eolaíochta sa tSochaí (IES). Scaipeadh

póstaer "Gnéithe den Iniúchadh" i measc na múinteoirí freisin agus tá sé sin ar fáil ar ár suíomh gréasáin [anseo](#).

Tugtar deis freastal ar Lá FGL 2 arís i Meán Fómhair. Deintear teagmháil le na scoileanna.



## Eolaíocht SSM ar a camchuart BTYSTE

Bhí atháis orainn deis eile a bheith againn bualadh le múinteoirí eolaíochta ag an BTYSTE. Bhí stáisiún "buail isteach" againn ansin ina dtiocfadh le múinteoirí teacht agus labhairt ar phleanail, torthaí foghlama a oibriú amach agus breathnú ar bhealaí a d'fhéadfaí iad a chur i gcrích sa seomra ranga. Buíochas do gach éinne a tháinig ar cuairt.

## CMEÉ/ISTA



Tharla Comhdháil Bhliantúil CMEÉ i Mhá Nuad i mí Aibreáin mar a rabhamar ar fáil arís chun tacú le múinteoirí ag ár stáinín. I mbliana, thugamar ceardlann freisin dar teideal 'Torthaí Foghlama á gCur i nGníomh, agus glac múinteoirí go fábhach leis ar an lá. Do na múinteoirí a bhí ar an liosta feitheamh agus nách raibh i ndán freastal ar an ceardlann ró-shuibscríofa. Tá na hacmhainní a úsáideadh sa cheardlann ar fáil ar ár suíomh gréasáin faoin táb: Ceardlanna Roghnacha Eile [anseo](#).

## CSTS

Anois agus an tsonraíocht nua Eolaíochta seolta, thosaigh CSTS a phlé le múinteoirí eolaíochta ar fud na tíre. Bhí an-áthas ar Fhoireann Eolaíochta an SSM páirt a ghlacadh i gceardlann le múinteoirí i mí Aibreáin agus tús a chur leis an bpróiseas chun ráitis nua a scríobh le haghaidh Eolaíochta an CSTS. Féach ar [www.jcsp.ie](http://www.jcsp.ie) chun breis eolais a fháil.

## Torthaí Foghlama i bhFócas

Le linn rolladh amach náisiúnta Lá 2 den FGL, is minic a d'fhiafraigh múinteoirí faoi acmhainní a roinnt le múinteoirí eile. Shocraíomar triail a bhaint as modh chun é sin a dhéanamh agus 'toradh foghlama i bhfócas' a bheith i ngach nuachtlitir. Féach ar an céad cheann [D&S6](#). Táimid ag iarraidh ar

mhúinteoirí trí ríomhpost acmhainní, suíomhanna, naisc físeáin srl. a chur chugainn gach mí a d'fhéadfaí a úsáid chun TF áirithe a theagasc. Ansin déanfaimid roghnú ar roinnt hacmhainní a fhaighimid agus a cuireadh muid chugat é mar leathanach Padlet. Is é **DB5** an chéad rogha TF eile. Mar is mó an líon múinteoirí a roinneann, mar is fearr a bheidh na leathanaigh Padlet seo! Ríomhpost: [scienceteam@jct.ie](mailto:scienceteam@jct.ie)

## Cúinne TFC

Anois agus an Padlet "tosaigh" do D&S6 feicthe agaibh, bhféidir gur maith leat nó le do comhghleacaí é a chur in eagar agus chur leis. Lean na treoracha thíos:

1. Cruthaigh cuntas [Padlet](#) atá saor in aisce.
2. Lean na [nasc](#) chun ár bPadlet agus cliceáil "remake" sa chúinne thuas ar dheis
3. Roghnaigh "share" sa chúinne ar dheis. Athraigh na socruithe príobháideachais chun gur féidir le do chomhghleacaithe cur leis an falla. Seol an "URL" go dtí bhúr comhghleacaí.
4. Tá saoirseacht agat agus do comhghleacaí chuir le falla bhúr Padlet fiú muna bhfuil cuntas acu. (Nil gá ach cuntas Padlet amháin a bheith ag bhall amháin den roinn.) Oibríonn sé ar go hiontach ar ghutháin freisin!

## Cuntas Nua Twitter

Tá 250 leantóirí ag [@JCTScience](#) ar "Twitter". Lean sinn le bheith ar an eolas faoi nuacht agus imeachtaí, acmhainní aibhsithe a fheiceáil nó beannú dúinn agus a rá linn cad atá ag tarlú i do rang.

Mura bhfuair tú an Nuachtlitir seo uainn ar r-phost cliceáil [anseo](#) chun clárú ar ár liosta.

Ná bíodh moill oraibh dul i dteagmháil linn le fiosrúcháin trí [info@jct.ie](mailto:info@jct.ie) nó ag ár seoltaí aonair r-phoist [anseo](#). Go deirneach go néirí go geal leat agus le do chuid daltaí sa téarma deirneach agus comghairdeaghas libh i dtaobh Eolaíochta bliain a h-aon an Sraith Sóisearaigh a críochnú.

**Le deá-mhéin,  
Foireann Eolaíochta an SSM**